Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Meitheamh 2024**
**(OR. en)**

**10316/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0116(NLE)**

**AVIATION 89**
**ICAO 19**
**RELEX 707**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-ICAO, a bhaineann leis an gCinneadh maidir le hIarscríbhinn IV a ghlacadh, maidir le Fothú Acmhainneachta, Cúnamh Teicniúil agus Tacaíocht Cur Chun Feidhme, a ghabhann leis an Meabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le creat le haghaidh comhar feabhsaithe |

**CINNEADH (AE) 2024/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh de Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-ICAO, a bhaineann leis an gCinneadh maidir le hIarscríbhinn IV a ghlacadh, maidir le Fothú Acmhainneachta, Cúnamh Teicniúil agus Tacaíocht Cur Chun Feidhme, a ghabhann leis an Meabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le creat le haghaidh comhar feabhsaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta (‘Coinbhinsiún Chicago’) lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) leis. Is Stáit Chonarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit an Aontais agus is comhaltaí de ICAO iad.

(2) Tháinig an Meabhrán Comhair idir an tAontas agus ICAO lena bhforáiltear creat le haghaidh comhar feabhsaithe[1] ( ‘an Meabhrán Comhair’) i bhfeidhm an 29 Márta 2012.

(3) De bhun an Mheabhráin Comhair, féadfaidh an Comhchoiste a bhunaítear ann na hiarscríbhinní a ghabhann leis an Meabhrán Comhair a ghlacadh.

(4) Ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aige, meastar go nglacfaidh Comhchoiste an Aontais Eorpaigh-ICAO cinneadh maidir le glacadh Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Meabhrán Comhair maidir le fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus tacaíocht cur chun feidhme. Leis an Iarscríbhinn IV nua sin, táthar le foráil a dhéanamh d’idirphlé rialta a bhunú maidir le fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus gníomhaíochtaí tacaíochta cur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí oiliúna, sna réimsí a chumhdaítear leis an Meabhrán Comhair, d’fhonn sineirgí a bhaint amach agus, i gcás inar iomchuí, na gníomhaíochtaí sin a chomhordú.

[1] IO L 232, 9.9.2011, lch. 2.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh den Chomhchoiste a bhunú maidir le glacadh Iarscríbhinn IV nua maidir le fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus tacaíocht cur chun feidhme, trí thacú lena glacadh, ós rud é go mbeidh sí ina ceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh that cheann an Aontais Eorpaifg laistigh de Chomhchoiste AE-ICAO, maidir le hIarscríbhinn IV nua a ghlacadh maidir le Fothú Acmhainneachta, Cúnamh Teicniúil agus Tacaíocht Cur Chun Feidhme a ghabhann leis an Meabhrán Comhair, de bhun Airteagal 7.3(c) den Mheabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le creat le haghaidh comhar feabhsaithe, beidh sé bunaithe ar an dréachtChinneadh ó Chomhchoiste AE-ICAO atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---